Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/2275

2.4.2024

**Breithiúnas na Cúirte (an Dara Dlísheomra) an 8 Feabhra 2024 – Pilatus Bank plc v an Banc Ceannais Eorpach (BCE), an Coimisiún Eorpach, Pilatus Holding ltd.**

**(Cás C-256/22 P)** ([1])

***(Achomharc – Beartas eacnamaíoch agus airgeadaíochta – Maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa – Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 – Cúraimí maoirseachta sonracha arna gcur ar an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) – Tarraingt siar údaraithe – Caingean le haghaidh neamhniú – Do-ghlacthacht – Ionadaíocht páirtí – Cumhacht aturnae a thabhairt – Ionadaí neamhúdaraithe go cuí)***

(C/2024/2275)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* Pilatus Bank plc (ionadaí: O. Behrends, Rechtsanwalt)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* Pilatus Holding ltd., an Banc Ceannais Eorpach (BCE) (ionadaithe: M. Puidokas agus E. Yoo, Gníomhairí), an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: A. Nijenhuis, A. Steiblytė agus M. D. Triantafyllou, Gníomhairí, ar dtús, agus A. Steiblytė agus D. Triantafyllou, Gníomhairí, ina dhiadh sin)

**An chuid oibríochtúil**

1) Cuirtear breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 2 Feabhra 2022, Pilatus Bank agus Pilatus Holding v BCE (T-27/19:2022:46), ar neamhní.

2) Diúltaítear an chaingean arna tabhairt i gCás T-27/19 de bharr go bhfuil sí do-ghlactha.

3) Ordaítear do Pilatus Bank plc a chostais féin agus na costais arna dtabhú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) a bhaineann leis na himeachtaí ag an gcéad chéim agus leis na himeachtaí achomhairc a íoc.

4) Ordaítear don Choimisiún Eorpach a chostais féin a bhaineann leis na himeachtaí ag an gcéad chéim agus leis na himeachtaí achomhairc a íoc.

---

([1]) IO C 237, 20.6.2022.